

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public

Swinford County Mayo **telephone** 094 9251333 **telefax** 094 9251833

e-mail law@poconsol.ie • **website** www.poconsol.ie • **dx** 52 001

DO THREOIR MAIDIR LE CEARTA FOSTAÍ

Fostaí mé – cén fáth ar cheart dom labhairt le m'aturnae?

Má thagann saincheist aníos duit ag an obair, féadfaidh tú labhairt le d'aturnae faoi rún.

Míneoidh d'aturnae duit an dlí, cabhróidh sé/sí leat do chearta a thuiscint agus míneoidh sé/sí duit do chuid roghanna.

Saincheisteanna fostaíochta

Féadfaidh d'aturnae comhairle a chur ort faoi réimse fairsing saincheisteanna, an méid seo a leanas ina measc:

- téarmaí agus coinníollacha do chonartha,
- teidlíochtaí dlíthiúla,
- comhionannas agus idirdhealú,
- bulaíocht agus ciapadh,
- dlí sláinte agus sábháilteachta, agus
- foirceannadh fostaíochta, dífhostú éagórach, dífhostú cuiditheach agus iomarcaíocht ina measc.

Má thagann díospóid aníos

Is tábhachtach labhairt le d'aturnae. Féadfaidh d'aturnae do chuid roghanna a mhíniú duit agus cabhrú leat an díospóid a thabhairt chun conclúid thapa agus shásúil.

Cad a theastaíonn ó m'aturnae uaim?

Teastóidh ó d'aturnae faisnéis áirithe sular féidir leo comhairle a chur ort faoi do chuid roghanna.

Ba cheart duit sonraí faoin méid seo a leanas a thabhairt leat chuig do chéad chruinniú le d'aturnae:

- fad na fostaíochta leis an bhfostóir reatha,
- conradh fostaíochta agus lámhleabhar fostaí,
- tuarastal bliantúil,
- teidlíocht do shaoire,
- teideal agus ról an phoist,
- imeachtaí ónar eascair do shaincheist reatha agus na dátaí ábhartha,
- iarrachtaí a rinne tú chun an tsaincheist a réiteach, agus
- aon fhinnéithe le teagmhais ábhartha.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig

**[www.poconsol.ie/legal-services/
corporate-commercial-law/](http://www.poconsol.ie/legal-services/corporate-commercial-law/)**



LAW SOCIETY
OF IRELAND

PRACTISING
SOLICITORS

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public

